2024/515

22.2.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 272/2021

an 24 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2024/515]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais a mhéid a bhaineann leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta.

(2) Is iomchuí go leanfadh an comhar sin ar aghaidh tar éis an 31 Nollaig 2020, gan beann ar an tráth a ghlacfar an Cinneadh seo nó má thugtar fógra maidir le comhlíonadh na gceanglas bunreachtúil le haghaidh an chinnidh seo, más ann dóibh, tar éis an 10 Iúil 2021.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeifear in ann an comhar leathnaithe sin a chur ar siúl ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 1 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'14. (a) Beidh Stáit CSTE, amhail ón 1 Eanáir 2021, rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann leis an líne bhuiséid seo a leanas, a iontráladh i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2021:

— **Uimhir na líne buiséid PA 13 17 01**: 'Réamhbheart maidir le taighde cosanta'.

(b) Déanfaidh Stáit CSTE ranníocaíochtaí i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) den Chomhaontú.

(c) Ní bheidh an Íoslainn ná Lichtinstéin rannpháirteach sa réamhbheart sin, ná ní dhéanfaidh siad ranníocaíochtaí i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a).'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Rolf Einar FIFE

Dearbhú ó Stáit CSTE i ndáil le Cinneadh Uimh. 272/2021 lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE chun leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i réamhbheart an Aontais maidir le taighde cosanta

Leis an gCinneadh seo leathnaítear comhar na bPáirtithe Conarthacha chun leanúint de rannpháirtíocht Stáit CSTE i réamhbheart an Aontais maidir le taighde cosanta. Measann Stáit CSTE go dtagann ábhair chosanta lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE, agus dá bhrí sin nach leathnaítear raon feidhme Chomhaontú LEE le glacadh an Chinnidh seo chun ábhair chosanta lasmuigh de rannpháirtíocht Stáit CSTE sa réamhbheart sin a chumhdach. Cuireann Stáit CSTE i dtábhacht freisin nach mbeidh an Íoslainn ná Lichtinstéin rannpháirteach sa réamhbheart sin ná nach ndéanfaidh siad ranníocaíochtaí ina leith.